# IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
# ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
# UNIVERSITIES ACT, 1997

## OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## REACHT CCCXLIV

## National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## STATUTE CCCXLIV/*REACHT CCCXLIV*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this fifteenth day of December, Two Thousand and Fifteen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an cúigiú lá déag seo de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

### Schedule – STATUTE CCCXLIV/*Sceideal – REACHT CCCXLIV*

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

**CAIBIDIL I**

**ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE**

1. Leis seo déantar Reacht CCLXXXIV a chealú.

2. De bhun agus chun críche straitéis forbartha na hOllscoile i leith na hOllscolaíochta Gaeilge, aithnítear Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge mar Institiúid Teagaisc de chuid na hOllscoile.

3. Is í feidhm an Acadaimh/na hInstitiúide Teagaisc pobal teanga agus léinn a chur chun cinn i dtimpeallacht bhisiúil ard-léinn atá fréamhaithe sa teanga agus sa dúchas. Chuige sin, beidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge freagrach, faoi Údarás na hOllscoile agus an Chomhairle Acadúil, as gníomhaíochtaí oideachais, léinn agus Ollscoile a reáchtáil trí mheán na Gaeilge ar champas na hOllscoile agus in Ionaid na hOllscoile sa Ghaeltacht.

4. Faoi réir Údarás na hOllscoile agus na Comhairle Acadúla, beidh Coiste Stiúrtha ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Déanfaidh Údarás na hOllscoile ballraíocht an Choiste a ainmniú ó am go ham, de réir mar is cuí, ar mholtaí ón gComhairle Acadúil. Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste Stiúrtha straitéis, plean gnó agus plean oibriúcháin a dhearadh don Acadamh go tráthúil agus go rialta. Déanfar gnó acadúil an Acadaimh a reáchtáil trí Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.

5. Beidh Coiste Feidhmitheach ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bheidh freagrach don Choiste Stiúrtha as gníomhaíochtaí léinn agus gnó an Acadaimh a riaradh, a bhainistiú agus a fhorbairt. Socróidh Stiúrthóir Léinn an Acadaimh i gcomhar leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid ballraíocht an Choiste Fheidhmithigh ó am go ham, de réir mar is cuí.

6. Déanfar Oifig na Gaeilge Labhartha agus a foireann a chomhchuimsiú in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus beidh an tAcadamh, i dteannta na gcúraimí thuasluaite, freagrach as feidhmeanna na hOifige sin faoi láthair mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile agus as leagan amach scéim teanga na hOllscoile faoir réir Acht na dTeangacha Oifigúla 2003.

**CAIBIDIL II**

1. Feasta, beidh cáilíochtaí, ceapachán ról agus dualgais an Stiúrthóra Léinn ag teacht leis na nósanna imeachta ginearálta a bhaineann le ceapachán, ról agus dualgais na gCeann Scoile san Ollscoil. Tiocfaidh na nósanna imeachta seo i bhfeidhm leis an gcéad fholúntas Stiúrthóra a thagann chun cinn tar éis dáta an Reachta seo. Beidh buiséad dá chuid féin ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/An Institiúid Teagaisc agus beidh sé/sí freagrach, faoi Údarás na hOllscoile, as a ghnóthaí féin a riaradh agus a bhainistiú, nó go ndéanfaí an tAcadamh/Institiúid Teagaisc a chomhtháthú le Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh, de bhun leasaithe rialacháin.

## CAIBIDIL III

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an cúigiú lá déag de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag, agus féadfar Reacht CCCXLIV, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCXLIV, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## CHAPTER I

## ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE

1. Statute CCLXXXIV is hereby rescinded.

2. Pursuant to and for the purposes of the University's development strategy in respect of University education through the medium of Irish, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge is hereby recognised as a Teaching Institute of the University.

3. The function of the Teaching Institute/Acadamh is to advance an academic language community in a dynamic higher education environment which is rooted in the Irish language and tradition. To that end, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge shall be responsible, under Údarás na hOllscoile and the Academic Council, for the operation of educational, academic and University activities through the medium of Irish on the University campus and in the University's Centres in the Gaeltacht.

4. Under Údarás na hOllscoile and Academic Council, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge shall have a Steering Committee. Údarás na hOllscoile shall nominate the membership of the Committee from time to time, as appropriate, in accordance with proposals from Academic Council. The Steering Committee shall be responsible for regular and timely oversight of Acadamh's strategy, business plan and operational plan. The academic business of Acadamh shall be conducted through the College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies.

5. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge shall have an Executive Committee which will be responsible to the Steering Committee for the administration, management and development of academic affairs and operations of Acadamh. The Academic Director of Acadamh, in conjunction with the Registrar and Deputy President, shall determine the membership of the Executive Committee from time to time, as appropriate.

6. Oifig na Gaeilge Labhartha and its staff shall be incorporated into Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge and an tAcadamh shall, in addition to the aforementioned responsibilities, be responsible for the discharge of the existing functions of the said Oifig, as provided for in the University's Strategic Plan and for the design of the University's Language Scheme in accordance with the Official Languages Act 2003.

## CHAPTER II

1. Henceforth, the qualifications, appointment, role and duties of the Academic Director shall conform with the general procedures associated with the appointment, role and duties of Heads of School in the University. These procedures shall take effect upon the next vacancy for Director which arises after the date of this Statute. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/The Teaching Institute shall have a dedicated budget and shall be responsible, under Údarás na hOllscoile, for the administration and management of its own affairs pending the integration of the Teaching Institute/Acadamh with the College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies, pursuant to an amending regulation.

## CHAPTER III

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the fifteenth day of December, Two Thousand and Fifteen, and may be cited as Statute CCCXLIV, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCXLIV, Nat. Univ. of I., Galway

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*